

Gradam an tSamhraidh

Gaelscoil
Thaobh na Coille

Ba mhaith linn moladh a thabhairt do gach páiste sa scoil a d'oibrigh go dian an téarma seo, a rinne sár-iarracht an Ghaeilge a labhairt agus a bhí go deas béasach agus cneasta le páistí agus le múinteoirí na scoile. Tá moladh speisialta ag dul do na páistí seo a leanas a bhuaidh 'Gradam an tSamhraidh 2024'.

We would like to congratulate all the children in the school who have worked tremendously hard this term, who have spoken 'Gaeilge' diligently and for their excellent behaviour and kindness towards each other and the teachers. Special praise must go to the following children who have been awarded 'Gradam an tSamhraidh 2024'

Is mise le meas

Emer Nic Chonchradha

Emer Nic Chonchradha

Príomhoide

<p>N1A</p>	<p>Jacob Moiféad</p> <p>Is buachaill álainn, cumasach bríomhar é Jacob le croí ollmhór. Tá Gaeilge iontach ag Jacob agus ní labhraíonn sé ach Gaeilge amháin ar scoil. Bíonn Jacob i gcónaí ag eisteacht sa rang agus bíonn sé chomh deas le gach aon duine sa rang. Tá béasaí do-chreidte aige agus bíonn meangadh gáire i gcónaí ar a aghaidh. Maith thú Jacob!</p>	<p>Éabha Ní Mheára</p> <p>Is cailín greannmhar, cairdiúil díograiseach í Éabha. Tá sí an-chabhrach sa rang agus is féidir liom brath uirthi i gcónaí. Is rincoir den scoth í Éabha! Réitíonn sí go han-mhaith leis na páistí eile sa rang agus bíonn sí sona sásta gach lá ar scoil. Déanann sí iarracht mhaith a bheith ag úsáid frásaí Gaeilge chomh maith.</p>	<p>Matilda Ní Bhrádaigh</p> <p>Is cailín fuinniúil álainn díograiseach í Matilda. Déanann sí iarracht ollmhór i gcónaí. Is breá léi am a chaitheamh lena cairde agus a bheith ag caint agus ag gáire. Bíonn sí i gcónaí sásta cuidiú liomsa nó le páistí eile ag am ar bith. Is sár-pheileadóir í Matilda agus sár rincoir í. Cuireann sí go mór le spiorad na ranga.</p>
<p>N1B</p>	<p>Sam Ó Loinsigh</p> <p>Buachaill lách cineálta agus cumasach é Sam a dhéanann sár-iarracht i gcónaí. Tá an-dul chun cinn á dhéanamh aige sna hábhair ar fad, an mata ach go háirithe. Is cara thar a bheith maith é Sam agus bíonn sé ag faire amach do gach duine. Molaim go mór a dhíograis chun foghlamtha.</p>	<p>Cora Ní Uaine</p> <p>An-chailín go deo í seo. Bíonn cluas géar na héisteachta uirthi de shíor agus molaim go mór a díograis chun foghlamtha. Tá an-iarracht á dhéanamh aici Gaeilge a labhairt agus tá sár-obair á dhéanamh aici. Maith thú a Chora!</p>	<p>Shae Ní Loinsigh</p> <p>An-chailín go deo í seo atá ag déanamh a seacht míle dícheall faoi láthair Gaeilge níos cruinne a labhairt agus a úsáid sa rang. Tá sí go hiontach ag an ealaín agus is breá léi a bheith ag cabhrú lena cairde agus leis an múinteoir. Molaim go mór í!</p>
<p>N2A</p>	<p>Sophia Ní Lia</p> <p>Is cailín álainn í Sophia chuireann a croí agus a h-anam i ngach rud a dhéanann sí sa rang. Tá sí cabhrach agus cairdiúil i gcónaí leis an múinteoir agus bíonn sí sona sásta ag súgradh lena cairde. Is rincoir álainn í agus tá sí iontach ealaíonta agus spórtúil chomh maith. Maith thú Sophia.</p>	<p>Zoe Nic Eoin</p> <p>Tá Zoe ag obair go dian díograiseach sa rang agus sa bhaile. Tá sí iontach ceolmhar agus is rincoir álainn í freisin. Tá sí ag scríobh scéalta beaga as a stuaim féin anois agus táim thar a bheith sásta léi. Tá sí iontach cumasach agus cabhrach sa rang. Mo cheol thú a Zoe.</p>	<p>Simon Ó Tuathaigh</p> <p>Is buachaill álainn sona é Simon agus cuireann sé go mór leis an rang. Bhí bliain iontach ag Simon i rang N2A. Tá sé cabhrach agus cairdiúil agus éisteanann sé leis an múinteoir agus bíonn a fhios aige conas tabhairt faoin obair. Tá Simon iontach ag léamh agus tá sé an-spórtúil chomh maith. Molaim é.</p>

<p>N2B</p>	<p>Bradán Mac Giolla Arraith Is buachaill iontach é Bradán atá tar éis dul chun cinn an-mhaith a dhéanamh le déanaí. Tagann sé isteach sa rang le meangadh gáire ar a aghaidh gach maidin. Bíonn Bradán ag cur a lámh suas sa rang agus labhraíonn sé go muiníneach agus go soiléir os comhar an ranga anois. Rinne sé cur i láthair iontach don <i>Show and Tell!</i> Comhghairdeas Bradán!</p>	<p>Ella Ní Ailín Is sár-chailín í Ella! Tá sí iontach cairdiúil agus gealgháireach sa rang agus cuireann sí a míle dhícheall isteach i ngach rud a dhéanann sí ar scoil. Tá sí iontach cruthaitheach agus déanann sí obair ealaíne álainn lán le dathanna i gcónaí. Tá sí tar éis an-iarracht a chur isteach sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht i mbliana. Maith thú Ella!</p>	<p>Chloe Ní Mhurchú Rinne Chloe obair iontach sna naíonáin mhóra i mbliana! Is breá léi a bheith ag léamh agus ag scríobh agus cuireann sí sár-iarracht isteach san obair i gcónaí. Is gleacaí den chéad scoth í agus bíonn sí ag déanamh cleasa dochreidte ar an gclós chuile lá! Bíonn sí iontach cabhrach sa rang i gcónaí. Maith thú Chloe!</p>
<p>R1A</p>	<p>Harraí Ó Dell Is buachaill álainn, díograiseach agus gealgháireach é Harraí. Déanann sé a seacht ndícheall i ngach rud a dhéanann muid i gcónaí. Tagann sé ar scoil gach maidin le meangadh mór gáire ar a aghaidh. Bíonn sé cairdiúil agus cabhrach leis na páistí agus an múinteoir i gcónaí, agus bíonn a chuid oibre déanta ar ardchaighdeán i gcónaí. Molaim go mór é.</p>	<p>Dara Ó Corráin Is buachaill álainn, séimh é Dara. Bíonn sé sona sásta ag teacht ar scoil i gcónaí, agus réitíonn sé go han-mhaith le gach duine sa rang. Is buachaill an-éirmiúil é Dara agus bíonn sé i gcónaí sásta cur leis an bhfoghlaim sa seomra ranga trí scéalta a roinnt. Tá Gaeilge álainn aige chomh maith, agus bíonn sé i gcónaí ag spreagadh na Gaeilge sa seomra ranga. Molaim go mór é.</p>	<p>Grace Nic Stiofáin Is cailín álainn, gealgháireach í Grace a chuireann go mór le spiorad an ranga. Bíonn a cuid oibre déanta go néata aici i gcónaí agus tá bua na healaíne aici. Tá béasaí áille ag Grace agus bíonn sí cineálta agus cabhrach le gach duine i gcónaí. Bíonn meangadh mór gáire ar a haghaidh i gcónaí agus tugann sí faoin obair go sona sásta. Molaim go mór í.</p>
<p>R1B</p>	<p>Robbie Ó Néill Is buachaill álainn, béasach, cairdiúil agus cineálta é Robbie. Leanann sé rialacha na ranga an t-am ar fad agus is dea-shampla é do na páistí eile. Tá sár scileanna léitheoireacht ag Robbie. Bíonn meangadh mór gáire le fescint ar a aghaidh i gcónaí. Molaim é as an dea-obair ar fad atá déanta aige i mbliana. Maith thú Robbie!</p>	<p>Rhia Ní Chearúil Is cailín álainn, cairdiúil agus sona sásta í Rhia. Bíonn meangadh mór gáire ar a haghaidh i gcónaí. Is cara an-mhaith í agus réitíonn sí go maith le gach duine sa rang. Tá feabhas ollmhór tagtha ar léitheoireacht Rhia agus táim an-bhródúil as an obair go léir atá déanta aici i mbliana. Comhghairdeas Rhia as na boinn dornálaíocht a bhuaigh tú i mbliana chomh maith!</p>	<p>Ailbhe Ní Bhriain Is cailín cineálta, cliste agus díograiseach í Ailbhe. Déanann sí sár-iarracht i gcónaí. Tháinig Ailbhe go dtí an scoil i mí Bealtaine. Shocraigh sí isteach anseo gan stró. Tá Gaelainn den scoth ag Ailbhe. Labhrann sí í go nádúrtha an t-am ar fad sa rang agus ar an gclós. Tá go leor cairde nua déanta ag Ailbhe san rang. Tá sí ar fheabhas ag an léitheoireacht. Bíonn sí i gcónaí ag éisteach sa rang agus réidh le foghlaim!</p>
<p>R2A</p>	<p>Jack Mac Oireachtaigh Is buachaill éirmiúil, spóirtiúil agus cabhrach é Jack. Oibríonn sé go diail ar fad agus éisteach sé go cúramach lena mhúinteoirí gach lá. Is aoibhinn le Jack bheith iomaíoch agus baineann sé an-sult as corpoideachas agus Rí na dTáblaí. Is ard-bhuachaill é Jack agus molaim go mór é!</p>	<p>Hannah Ní Dhúill Cailín gealgháireach, cairdiúil agus beomhar is ea Hannah. Glacann sí páirt mhór i gcúrsaí an ranga ag ardú a lámh go minic agus labhraíonn sí le hard-Ghaeilge. Spreagann sí na páistí eile go mór. Is cara dílis í. Is sár-chailín í Hannah!</p>	<p>Taufiqur Rahman Is buachaill sona, fuinniúil agus dea-chroíoch é Taufiqur. Ó mhí Eanáir, tháinig feabhas nótaílte ar a a chuid Gaeilge agus muid an-bródúil as. Léiríonn sé cumas i gcúrsaí mata agus baineann sé sult as ealaín agus rince go háirithe. Is ard-bhuachaill é Taufiqur agus molaim é!</p>

R2B	<p>Sarah Ní Chléirigh</p> <p>Cailín álainn agus díograiseach is ea Sarah. D'oibrigh sí go han-dian i R2 agus tá mé an-sásta leis an obair atá déanta aici ach go háirithe ar an ngreim pheann luaidhe. Bíonn Sarah páirteach sa rang agus cabhrach agus cairdiúil le gach duine. Molaim go mór í!</p>	<p>Ellie Nic Toirealaigh</p> <p>Is cailín gealgháireach í Ellie agus bíonn meangadh gáire álainn le feiscint ar a haghaidh i gcónaí. Tá an-obair déanta aici i R2 agus tá feabhas ollmhór tagtha ar an méid Gaeilge a labhraíonn sí. Sár-chailín is ea Ellie!</p>	<p>Jamie Ó Conchubhair</p> <p>Buachaill iontach bríomhar is ea Jamie a chuireann go mór leis an dea-atmaisféar atá againn i R2B! Rinne Jamie an-obair i mbliana agus tá mé go speisialta sásta leis an méid Gaeilge atá á labhairt aige anois. Lean ar aghaidh ag roinnt eolais linn agus ag déanamh ealaín álainn Jamie! Buachaill álainn is ea é!</p>
R3A	<p>Conor Ó Gabháin</p> <p>Is buachaill gealgháireach, sona é Conor. Tá mé thar a bheith sásta leis an dul chun cinn atá déanta aige sa léitheoireacht i mbliana. Bíonn Conor i gcónaí béasach agus séimh. Is buachaill cairdiúil, sóisialta é agus glacann sé páirt in imeachtaí ranga le spioraid agus le spraoi. Úsáideann Conor Gaeilge álainn i gcónaí.</p>	<p>Hannah Ní Lia</p> <p>Is cailín álainn béasach í Hannah. D'oibrigh sí go dian díograiseach le linn Rang a Trí. Tá Hannah an-chruthaitheach agus tá scileanna an-mhaith aici san ealaín. Is breá le Hannah a bheith ag damhsa chomh maith agus rinne sí sár-jab mar chuid den ghrúpa 'Na Gangstas' sa seó tallainne.</p>	<p>Lola Nic Uidhir</p> <p>Is cailín cairdiúil, cineálta í Lola. D'oibrigh Lola go dian i mbliana agus thaitin obair ghrúpa go mór léi. Rinne Lola sár-jab sna ranganna damhsa le Nuala. Réitíonn Lola go hiontach leis na daltaí eile agus glacann sí páirt in imeachtaí ranga le dearcadh dearfach.</p>
R3B	<p>Quinn Oilibhéar</p> <p>Is cailín gealgháireach agus sona í Quinn. Táim an-sásta le hobair Quinn le deanaí, tá a dícheall déanta aici sa rang. Is cailín cabhrach agus cineálta í. Déanann sí an-iarracht leis an nGaeilge agus spreagann sí páistí eile le Gaeilge chruinn a labhairt freisin.</p>	<p>Dylan Ó Duinn</p> <p>Is buachaill cairdiúil agus deas é Dylan. Tá ag éirí go han-mhaith leis le gach rud ar scoil agus déanann sé obair iontach i gcónaí. Is buachaill cabhrach é Dylan agus cabhraíonn sé leis an múinteoir agus le páistí eile sa rang go minic.</p>	<p>Khloe Ní Mháille</p> <p>Is cailín deas agus sona í Khloe. Tá an-obair déanta aici i mbliana. Tá feabhas tagtha ar an obair scoile. Tá peannaireacht álainn aici. Is cailín cruthaitheach í agus déanann sí obair ealaíne álainn go minic.</p>
R4A	<p>Liv Ní Dhúláinne</p> <p>Is cailín álainn séimh í Liv. Bíonn cuma sona, gealgháireach uirthi i gcónaí. Tá bua aici don ealaín. Is aobheann léi cuidiú le páistí eile agus is breá léi postanna a dhéanamh don mhúinteoir freisin.</p>	<p>Violet Nic Seoin</p> <p>Is cailín sona, gealgháireach, béasach í Violet a bhíonn cineálta lách lena chairde. Léirigh sí an-spéis san amharcealaíon, sa cheol, sa drámaíocht, sa rince agus sa Stair i mbliana, agus molaim í dá bharr. Ba phléisiúr dom í a mhúineadh.</p>	<p>Bródaí Mag Fhloinn</p> <p>Is buachaill fíor spórtúil é Bródaí, a d'imir ar fhoireann sinsear agus sóisear iomána na scoile i mbliana. Bíonn sé cineálta, lách leis na páistí eile agus cuireann sé go mór leis an atmaisféar chairdiúil atá sa rang.</p>
R4B	<p>Aggie Déiseach</p> <p>Is cailín an-spórtúil í Aggie a oibríonn le dúthracht an t-am ar fad. D'imir sí go hiontach ar foirne camógaíochta na scoile agus chabhraigh sí le R4B an corn sóisearach i mbliots Chill Mochuda a bhuaichint. Ina theannta sin, tá sí sár-mhaith ag cuidiú leis na múinteoirí agus is féidir brath uirthi aon phost a dhéanamh dui tar ardchaighdeán. Maith an cailín, a Aggie.</p>	<p>Joshua Mac Tomáis</p> <p>Is buachaill cineálta agus sportúil é Josh a oibríonn le dúthracht an t-am ar fad. Molaimid é toisc go bhfuil sé ag déanamh iarracht caighdeán mhaith a shroichint ina chuid obair scoile. Bíonn sé sona sásta agus bíonn sé i gcónaí cneasta lena chomhscoláirí. Tá sé fíor-bhéasach agus cabhríonn sé go mór le hatmaisféar séimh a chothú sa seomra ranga. Maith thú, a Josh.</p>	<p>Rachel Nic Gearailt</p> <p>Is cailín gealgháireach agus cineálta í Rachel a luíonn isteach ar a cuid ceachtanna ar an bpointe boise. Tá peannaireacht álainn aici freisin. Tá sí stuama díograiseach agus aibí agus tá sí ar fheabhas ag an ealaín. Is cara dílis í agus is féidir brath uirthi. Léiríonn sí an-mheas ar ár dteanga dhúchais agus labhraíonn sí an Ghaeilge le bród. Maith an cailín, a Rachel.</p>

R5A	<p>Nathan Consaídn</p> <p>Buachaill iontach cabhrach is ea Nathan. Cuidíonn sé linn go minic le postanna ranga agus bíonn sé sásta cabhrú le páistí eile chomh maith. D'imir sé an-chluiche i bPáirc an Chrócaigh i mbliana. Maith thú, Nathan!</p>	<p>Alex Holden</p> <p>Buachaill álainn, séimh agus béasach é Alex. Is duine an-an-an-ealaíonta é agus is aoibhinn linn an saothar ealaíne atá cruthaithe aige i mbliana. Bíonn meangadh gáire ar a aghaidh gach aon lá agus bíonn sé an-chineálta lena chairde agus le daoine fásta. Sár-bhuachaill!</p>	<p>Lena Ní Throithigh</p> <p>Cailín cairdiúil, gealgháireach is ea Lena. Is cailín cruthaitheach í freisin agus tá neart rudaí álainne déanta aici ó thús na bliana, na loom bands agus cniotáil ina measc! Tá bua an cheoil ag Lena agus chuir sí go mór leis an ngrúpa ceoil i mbliana. Maith thú, Lena!</p>
R5B	<p>Tom Ó hArgáin</p> <p>Is buachaill álainn, béasach agus éirimiúil é Tom a d'oibrigh go dian i mbliana. Tugann sé faoin obair scoile le dearcadh dearfach i gcónaí agus déanann sé a dhícheall an obair a dhéanamh ar an gcaighdeán is airde gur féidir leis. Tá peannaireacht álainn, néata aige.</p>	<p>Killian Ó Duibhir</p> <p>Is maith le Killian freagrachtaí a bheith aige sa rang agus is breá leis a bheith ag cuidiú leis na páistí óga. Cuireann Killian go mór le spiorad an ranga agus tugann sé 100% do na comhárta ranga. Tá sé an-chompordach ag labhairt amach os comhair an ranga agus tá féith an ghrinn go láidir ann.</p>	<p>Rae Breathnach</p> <p>Is cailín álainn, béasach, séimh agus cruthaitheach í Rae. Is breá léi a bheith i mbun obair ealaíne agus i mbun gleacaíochta ar scoil. Is aoibhinn léi a bheith ag obair le cairde ar scoil agus déanann sí an-iarracht leis an obair scoile.</p>
R6A	<p>Louis Ó Ciardubháin</p> <p>Is sár-bhuachaill é Louis. Tá sé cineálta, díograiseach, éirimiúil, agus cairdiúil. Bíonn sé deamhúinte i gconaí. Tá dearcadh dearfach aige i leith na hoibre scoile agus déanann sé a sheacht ndícheall i gconaí. Is breá leis na cairde ranga agus bíonn cuma an-sona air ar scoil. Is sár-amhránaí é agus is aisteoir den scoth é. Bíonn sé lán sásta cabhair a thabhairt agus bím in ann brath air i gconaí.</p>	<p>Lola Appleby</p> <p>Is cailín gealgháireach, cairdiúil agus béasach í Lola. Réitíonn sí go han-mhaith leis na páistí eile sa rang agus léiríonn sí meas ar gach aon pháiste. Tá dearcadh dearfach aici i leith na hoibre scoile. Bíonn sí deamhúinte i gconaí. Tá Lola tar éis sár-obair a dhéanamh ó thús na bliana agus tá ardmholadh tuillte aici. Comhghairdeas!</p>	<p>Muireann Ní Ghlacáin</p> <p>Is cailín álainn, béasach agus cabhrach í Muireann. Oibríonn sí as a stuaim féin i gconaí. Cuireann sí 100% iarracht isteach i ngach uile rud a dhéanann sí. Is rinceoir den scoth í. Bíonn sí lán sásta cabhair a thabhairt domsa nó do na páistí eile agus bím in ann brath uirthi i gconaí. Lean ort Muireann leis an-obair iontach!</p>
R6B	<p>Ciana Ní Riain</p> <p>Is sár-dhaltaí í Ciana. Is cailín gealgháireach, cineálta agus láidir í. Is cara den scoth í. Ghlacann sí páirt in imeachtaí scoile le deachroí agus fuinneamh álainn. Is amhránaí iontach í. Déanann sí iarracht i gconaí lena obair scoile agus tugann sí tacaíocht do na múinteoirí an t-am ar fad.</p>	<p>Aisling Nic Giolla Phádraig</p> <p>Is dalta thar cionn í Aisling. Is cailín éirimiúil, sona agus tiomanta í. Tá grúpa cairde dheas aici. Tá muinín álainn aici agus tá sí ar a compord ag tacú leis na naonáin nó ag labhairt le múinteoirí na scoile. Is féidir brath uirthi go huile is go hiomlán. Baineann sí ardchaighdeán iompar agus obair amach ar scoil.</p>	<p>Oisín Ó Duinn</p> <p>Is dalta den scoth é Oisín. Tá sé iontach éirimiúil, séimh agus spórtúil. Tá sé ábalta smaoiniamh dó fhéin agus é féin a iompar i gceart sa rang agus sa chlós. Is minic a thugann sé cabhair agus tacaíocht sula mbíonn ar an múinteoir an cheist a chuir. Déanann sé iarracht mhór leis an obair. Is féidir brath air an t-am ar fad.</p>